

Arracht

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scannán as Gaeilge. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, féach ar an liosta thíos leis an duine in aice leat agus freagraí na ceisteanna.

- ✓ Aisteoir
- ✓ Ceamaradóir
- ✓ Cineamatagrafaí
- ✓ Dearthóir feistis
- ✓ Dearthóir seit
- ✓ Eagarthóir scannán
- ✓ Ealaíontóir smididh
- ✓ Léiritheoir
- ✓ Scríbhneoir scrípte
- ✓ Stiúrthóir




Cén post ab fhearr leat féin ón liosta sin? Cén fáth?
Cén post nár mhaith leat ar chor ar bith? Cén fáth?
Cad é an post is deacra, dar leat?

Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil inti. An dtuigeann tú iad?

1. an Gorta Mór
2. ag bagairt ar an tír
3. fear a théann ar a theitheadh
4. de dheasca coireanna
5. san éagóir
6. scannánú
7. an t-ainmniúchán
8. an chliar agus an criú
9. searmanas fíorúil
10. ar an ardán domhanda
11. gearrliosta
12. iomaitheoirí



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cé a roghnaigh an scannán *Arracht* mar iomaitheoir i ngradaim na nOscar?
2. Céard é ábhar an scannáin?
3. Cén áit a ndearnadh scannánú ar *Arracht*?
4. Cén fáth a bhfuil áthas ar Dhónall Ó Héalaí?
5. Cén dá ghradam a bhuaigh an scannán ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann?
6. Cad atá le rá ag an stiúrthóir, Tom Sullivan, sa mhír?
7. Cathain a bheidh an scannán sna pictiúrlanna?

Ceist 4

‘... in iarthar na hÉireann ...’

Is minic a bhíonn mearbhall ar dhaoine faoi ainm na tíre seo. Líon na bearnaí leis an leagan ceart den fhocal.

Éire

Éirinn

Éireann

Is as _____ ó dhúchas é.

Cé atá ag imirt anocht? _____ agus an Albain.

Is maith le muintir na h _____ a bheith ag bualadh le daoine.

Tháinig Joe Biden go h _____ cúpla bliain ó shin.

Ní théann Bus _____ a fhad le mo bhaile dúchais.

Is tír shaibhir í _____.

Ceist 5

‘...an Gorta Mór...’

Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo a bhí sa mhír. Bain úsáid as na rialacha sa bhosca thíos chun cabhrú leat. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

gradam, iarrthóir, coir, bliain, iarthar, onóir, fuaim, ardán, iomaíocht

	Firinsneach	Baininsneach
Ainmfhocail a thosaíonn le guta	an t-uisce	an aois
Ainmfhocail a thosaíonn le consan	an peann	an phictiúrlann
Ainmfhocail a thosaíonn le s	an seol	an tseoid
Ainmfhocail a thosaíonn le d nó t	an deartháir an tionscadal	an deirfiúr an teocht

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad é an scannán is fearr leat agus cén fáth?
2. Cad a cheapann tú faoi scannán iomlán a bheith déanta as Gaeilge?
3. An bhféachann tú ar mhórán scannán i dteangacha eile? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- ✓ Aisteoir – actor
- ✓ Ceamaradóir – camera operator
- ✓ Cineamatagrafaí – cinematographer
- ✓ Dearthóir feistis – costume designer
- ✓ Dearthóir seit – set designer
- ✓ Eagarthóir scannán – movie editor
- ✓ Ealaíontóir smididh – make-up artist
- ✓ Léiritheoir – producer
- ✓ Scríbhneoir scripte – screenwriter
- ✓ Stiúrthóir – director

Ceist 2

- | | |
|------------------------------|--------------------------------------|
| 1. the Great Famine | <i>an Gorta Mór</i> |
| 2. threatening the country | <i>ag bagairt ar an tír</i> |
| 3. a man who goes on the run | <i>fear a théann ar a theitheadh</i> |
| 4. as a result of crimes | <i>de dheasca coireanna</i> |
| 5. in the wrong, unjustly | <i>san éagóir</i> |
| 6. filming, shooting | <i>scannánú</i> |
| 7. the nomination | <i>an t-ainmniúchán</i> |
| 8. the cast and the crew | <i>an chliar agus an criú</i> |
| 9. virtual ceremony | <i>searmanas fíorúil</i> |
| 10. on the world stage | <i>ar an ardán domhanda</i> |
| 11. shortlist | <i>gearrliosta</i> |
| 12. contestants | <i>iomaitheoirí</i> |

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Is as *Éirinn* ó dhúchas é.

Cé atá ag imirt anocht? *Éire* agus an Albain.

Is maith le muintir na h*Éireann* a bheith ag bualadh le daoine.

Tháinig Joe Biden go h*Éirinn* cúpla bliain ó shin.

Ní théann Bus *Éireann* a fhad le mo bhaile dúchais.

Is tír shaibhir í *Éire*.

Ceist 5

- *an gradam*
- *an t-iarrthóir*
- *an choir*
- *an bhliain*
- *an t-iarthar*
- *an onóir*
- *an fhuaim*
- *an t-ardán*
- *an iomaíocht*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais. Anois, tá an scannán Gaolainne¹ *Arracht* roghnaithe ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann mar iarrthóir don scannán idirnáisiúnta is fearr ag gradaim na nOscar. Is in iarthar na hÉireann a deineadh² an scannán ar fad. Beidh *Arracht* á thaispeáint i bpictiúrlanna ar fud na tíre ag tús na bliana seo chugainn.

Eibhlín Ní Choistealbha

Suite i Leitir Mealláin i gConamara sa bhliain 1845 agus an Gorta Mór ag bagairt ar an tír, déantar cur síos ar an scannán inspioráideach *Arracht* ar scéal an iascaire, Colmán Sharkey, fear a théann ar a theitheadh de dheasca coireanna a bheith curtha ina leith san éagóir.

I nGaolainn ar fad nach mór atá an scannán go léir agus is in iarthar na hÉireann a deineadh an scannán ar fad. Anois tá an scannán Gaolainne roghnaithe ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann le cur ar aghaidh don scannán idirnáisiúnta is fearr ag gradaim na nOscar

Dónall Ó Héalaí, Aisteoir, *Arracht*

Táimid an-sásta an nuacht a fháil, abair is mór an onóir an t-ainmniúchán seo a fháil agus tá lámha go leor daoine sa scannán seo, ó Tom Sullivan, an stiúrthóir go Kate McCullough, an ceamaradóir³, Cuán Mac Conghail agus Macalla (Teoranta) a léirigh an scannán agus an chliar agus an criú iontach a bhí againn. Abair, is iontach an rud go bhfuil scannán, a taifeadadh i Leitir Mealláin i gConamara agus i nGaeilge, tar éis dul chomh fada seo agus táimid ar fad an-sásta leis an nuacht.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá dhá ghradam buaite ag *Arracht* cheana féin ag searmanas fíorúil IFTA na bliana seo, ina measc an scannán leis an bhfuaim is fearr agus an scannán leis an mbuncheol is fearr. Is é Tom Sullivan a scríobh agus a stiúir⁴ *Arracht*.

Tom Sullivan, Scríbhneoir agus Stiúrthóir, *Arracht*

Táimid an-bhródúil as *Arracht* agus, bhuel, is deis iontach í seo an teanga Ghaeilge a chur ar ardán domhanda. Agus, is bliain fhíor-ait a bhí sa bhliain 2020. Bhuel, is dea-scéal é seo a thugann dóchas agus ardú croí dúinn ag deireadh na bliana.

Eibhlín Ní Choistealbha

Déanfar gearrliosta de na hiomaitheoirí sa chatagóir don scannán idirnáisiúnta is fearr agus sa deireadh is cúig scannán ar fad a bheidh san iomaíocht ag gradaim na nOscar i mí Aibreáin na bliana seo chugainn.

Beidh *Arracht* le feiscint⁵ i bpictiúrlanna na tíre aimsir an earraigh, 2021.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4.

¹ *Gaeilge* an leagan caighdeánach

² *rinneadh* an leagan caighdeánach

³ *cinematagrafaí* atá i gceist

⁴ *stiúraigh* a dúradh

⁵ *feiceáil* an leagan caighdeánach